


# Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain

Bhí clár raidió faoin iris seo le Séamus De Bláca nuair a bhí an chéad eagrán nua fós úr, agus bhí níos mó faoi ar a chlár sin *Míle Fáilte* ([www.wfuv.org](http://www.wfuv.org)) arís tamall beag ó shin (ár mbuíochas leat, a Shéamuis!). Luadh *An Gael* ar an raidió san Astráil, freisin, ar *The Book Show* ar ABC Radio National, Bealtaine 2010. Meán Fómhair 2009, bhí cóip de (agus mise) le feiceáil ar an gclár *Imeall* ar TG4. Aibreán 2010, bhí cóip eile (agus Gearóid Ó hAiníde, crann taca agus scríbhneoir don iris) le feiceáil ar chlár teilifíse ón mBruiséal, *Un Peu de Tous* ar Télé Bruxelles. Agus beidh cóip eile (agus mise) le feiceáil arís i mbliana (timpeall am Nollag, le cúnamh Dé) i dteannta le Tadhg Mac Dhonnagáin, ar a chlár faoi Antaine Ó Raifteirí. Táimid ann, gan dabht!

Sé an fáth go raibh baint againn le clár Thaidhg ná gur foilsíodh an dán *Mise Raibhtrighe* den chéad uair riamh san iris seo, in 1882. Duine ab as Baile Locha Riach, Contae na Gaillimhe, a sheol isteach é, duine darb ainm Seághan Ó Cealla, a bhí ina chónaí in Oswego, Nua-Eabhrac, ag an am. Dúirt sé go bhfuair sé ó Raifteirí féin é. Scéal an-suimiúil é seo, agus molaim go bhfeicfidh tú an clár seo, má bhíonn deis agat.

Ba as contae na Gaillimhe (Baile an Mhuilinn) é Mícheál Ó Lócháin, bunaitheoir *An Gael*, freisin. Fuair Ó Lócháin ábhar ó dhaoine ar fud Mheiriceá agus ar fud na hÉireann, mar a bhfaighimse ábhar ó gach cearn den domhan sa lá atá inniu ann. Tagann scéalta is dánta ó i bhfad is i gcóngar. Tá filí de bhunadh na hÉireann san eagrán seo, duine díobh, Doireann Ní Ghríofa, ina cónaí i gCathair Corcaigh, agus an duine eile, Bernard De Brún, ina cónaí i Nua-Eabhrac. Cé nach mbíonn deis againn casadh lena chéile i gcónaí (go háirithe nuair a bhíonn bolcáin ag brúchtadh!), feictear cuid den duine, agus den daonnacht féin, in gach scéal agus gach dán.



Tadhg Mac Dhonnagáin agus *An Gael*, in Brooklyn, Nua-Eabhrac

Is as Éirinn iad an chuid is mo de na scríbhneoirí san eagrán seo (ach ná déantar dearmad ar Mheiriceá ná an Fhionlainn). Tá Máire Ní Mhaolagáin agus Muiris Ó Bric ina gcónaí sna Stáit, ach is as Maigh Eo agus Ciarraí faoi seach iad. Ba as Éirinn tuismitheoirí Dheirdre Ní Fhaoláin, agus ba as Manann a seanmháthair. Tá Panu Höglund thall san Fhionlainn agus an chuid eile de na scríbhneoirí san eagrán seo i Meiriceá.

Dánta, scéalta agus cuimhní cinn a roinntear go flaitiúil linn. Is breá liom i gcónaí radharc a fháil ar shaol dhaoine eile, ar áiteanna eile, agus ar laethanta a chuaigh thart. Tá seans chun fiú fuaimeanna ón seanaimsir a chloisteáil ann uaireanta, freisin, agus sin ábhar cholún Lugh DePaor san eagrán seo. Agus féachann

Gearóid Ó Cheallaigh chomh fada siar agus is féidir, is dócha - go tús an domhain!

Cé go raibh sé dall, níl amhras ach gurbh é fear na físe é Antaine Ó Raifteirí, freisin. Agus cé nár fhág sé Éire riamh, thaistil an dán *Mise Raibhtrighe* ó Éirinn go hOswego agus ar ais arís, trí mheán na hirise seo. Ní dóigh liom go bhfaca sé fís de sin ag teacht, gan trácht ar chár teilifíse faoi!

Ní bhíonn a fhios i gcónaí ag ceoltóirí na haoise seo cad iad na foinn a bhí ann breis is céad bliain ó shin. Níor shábháil ár sinsir gach miotas a bhíodh ann ón anallód. Tá daoine áirithe amhrasach fiú gur scríobh Raifteirí *Mise Raibhtrighe*. Dá mbeadh radharc cruinn againn ar an uile rud! Ach bímis aislingeach, pé radharc atá againn.

I dteannta le radhairc ar an réaltacht, tá cúpla scéal againn a bhaineann le neamhréaltachtaí, a thugann radhairc dúinn ar an saol mar a bheadh, scéalta ón íomháineacht. Is féidir linn taisteal go saolta eile, go hamanna eile, go tíortha eile, agus níl de dhíth orainn ach léamh. Ní féidir le gach duine dul ar oilithreacht go dtí

an Spáinn, ar *Camino de Santiago*, ach is saghas oilithreacht na hintinne é an léitheoireacht.

Is cuimhin liom mo thuismitheoirí ag míniú dom conas a bhíodh sé nuair a bhí siad óg agus ag éisteach leis an raidió. Bhí gá le samhlaíocht, le súil na hintinne. Feicimid i bhfad níos mó, ar an teilifís nó ar fhíseáin ar an idirlíon (mar fhíschraoladh Chumann Carad na Gaeilge - [www.philo-celtic-feesh.blogspot.com](http://www.philo-celtic-feesh.blogspot.com)). Ach minic go leor, is fearr ár bhfís féin a chruthú. Is féidir mise agus a lán Gaeilgeoirí eile, agus ócáidí suimiúla a chloisteáil ar phodchraoladh an chumainn ([www.philo-celtic.blogspot.com](http://www.philo-celtic.blogspot.com)), agus molaim sin go hard! Agus nach minic go leor a bhíonn an leabhar níos fearr ná an scannán... Nach sin an fáth go léimid leabhair?

Bíonn físeanna éagsúla bailithe lé chéile san irisleabhar seo, agus nach méanar dúinn sin! Bhí fís ag Mícheál Ó Lócháin na blianta fada ó shin atá á fhíorú againn san irisleabhar fós, freisin. Sin go bhfuil iris dár gcuid féin inár dteanga féin againn, atá ann do lucht labhartha na Gaeilge i Meiriceá agus in Éirinn agus ar fud an domhain (fiú san Fhionlainn).

#### Moltaí dár Scríbhneoirí

- Iris atá oiriúnach do gach léitheoir is ea í seo, fiú daoine óga. Mar sin, má bhíonn aon rud gáirsiúil ann, ní mór nach dtuigfeadh páiste é. B'fhearr a leithéid a sheachaint mar bhunphrionsabal.
- Iris a bheidh measúil do gach éinne is ea í seo. Mar sin, más ábhar conspóideach atá idir lámha agat, ní mór duit a bheith cothrom agus gan mhaslaí, agus más féidir, an dá thaobh a mhíniú ar shlí nach gcuirfeadh isteach ar éinne. B'fhearr an chonspóid a sheachaint, má chuireann sé isteach ar dhaoine, ach níl aon chosc ar a leithéid, má dhéantar go béasach measúil é. Ní fhoilseofar aon rud díspeagach.
- Ní iris acadúil í seo. Tá suim againn in ábhar ar bith, ach is lucht léite ginearálta atá i gceist, agus mar sin, ní mór go bhfuil stíl tarraingteach spráúil ann.
- Ní mór gur fíricí iad na fíricí a luaitear, dar ndóigh. Agus aon rud a mhaítear, ní mór go mínítear é chun bunús a chur leis (gan a bheith leadránach).
- Is leis na húdair féin a gcuid tuairimí, agus ní chuirfear ladar an eagarthóra isteach orthu sin. B'fhearr scéalta ná tuairimí, ámh.
- Is fearr a bheith dearfach ná diúltach i gcónaí, más féidir. Scríobh mar a scríobhfá do chara.
- Is fearr linn ábhar nach raibh i gcló cheana, fiú ar an idirlíon.
- Bíonn an cóipcheart ag an údar i gcónaí, mar is iondúil.